Gaelscoil Mhic Amhlaigh
Lána an Mhuilleora,
Cnoc na Cathrach, Gaillimh
**Fón: 091 590152**



# Nuacht Litir na Nollag 2022

**A Thuismitheoirí, a cháirde** **1ú Nollag 2022**

Ag súil go bhfuil sibh ar fad go maith agus ag súil le sos na Nollag.

*We hope that you are all keeping well and looking forward to a little rest over the Christmas break.*

## Lá Geansaí Nollag/ Christmas Jumper Day






**Táimid chun lá gléasadh don Nollag a bheith againn ar an Luan, 19ú Nollag. Is féidir le páistí geansaí Nollag nó éadach nollag eile a chaitheamh i n-áit a gculaith scoile. Iarrtar ar thusimitheoirí más féidir leo síntiús a chur isteach i dtreo na carthanachtaí seo leanas: Aonad Péidiatrach i nOspidéal na hOllscoile(Galway Sick Kids), Ospidéal na Leanaí Crumlin, Ospidéal Temple Street, The Alzheimer's Association of Ireland.**

**Beidh cead ag na páistí gléasadh i n-éadaí Nollag ón 19ú Nollag – 21ú Nollag.**

*We will be having our Christmas Dress Up day on Monday, 19th December. Children are asked to wear their Christmas Jumper or any other Christmas Clothes instead of their school uniform. Donations towards our charities are most welcome: Galway Sick Kids, Children's Hospital Crumlin, Temple Street Hospital, The Alzheimer's Association of Ireland.*

*Children may wear Christmas themed clothing from 19th -21st December!*

## Cóisir Ranga Dé Máirt/ *Class Little Party on Tuesday*

**Is féidir le páistí úasmhéid do dhá rud milis a thabhairt isteach sa bhosca lón do chóisir beag ranga ar an Máirt 20ú Nollag. Beidh cuairteoir speisialta ag tabhairt cuairt ar an scoil ar an Luan 19ú! Déan cinnte nach bhfuil aon chnónna in aon bhia a thugtar isteach. Ní bheidh cead bia a roinnt lena chéile. Beidh an cuairteoir speisialta ag tabhairt Leabhar Nollag mar bhronntanas do pháistí na Scoile ar fad. Más mian le tuistí cabhrú leis an gcuairteoir íoc as na leabhra seo, is féidir leo €3 a íoc ar Aladdin.**

*Children may bring in a max of two treats in their lunch boxes for a little class party on Tuesday 20th December. A special visitor will be dropping by on Monday 19th! Please ensure there are no traces of nuts/peanuts in any foods. Children will not be allowed to share foods. Our special visitor will be giving each child in the school a Christmas annual as a present. If parents wish to help with the cost of these annuals you may pay €3 on Aladdin. Míle buíochas.*







## Laethanta Saoire/*Holidays*

**Beidh páistí ag fáil laethanta saoire na Nollag ar an gCéadaoin 21ú Nollag. Rachaidh na ranganna seo leanas abhaile ag na hamanta seo leanas:**

- **Ranganna a théann abhaile de ghnáth ag 1.15 & 2.15, rachaidh siad abhaile ag 11.50.**
- **Ranganna a théann abhaile de ghnáth ag 1.20 & 2.20, rachaidh siad abhaile ag 12 meán lae.**

**Oscólfar an scoil arís ar an Déardaoin 5ú Eanair 2023.**

*Children will get their Christmas Holidays on **Wednesday, 21st December**.*

- *Children who normally go home at 1.15 & 2.15 will go home at 11.50 am on Wednesday 21st .*
- *Children who normally go home at 1.20 & 2.20 will go home at 12.00 midday.*

*School will re-open again on **Thursday 5th January 2023.***



## Iarchúram Scoile/ Afterschool Care

***Ar an gCéadaoin ,21ú Nollag , rachaidh na páistí a bhíonn ag freastal ar an Iarchúram ar an gCéadaoin go hiondúil chuig an Iarchúram scoile ag am níos luaithe , 11.50/12.00. Beidh an Iarchúram ag dúnadh ar an lá seo ag 4 a chlog. Osclófar an iarchúram aríst ar an Déardaoin 5ú Eanair 2023.***

*On Wednesday, December 21st, children who normally attend the service on Wednesdays will go to the afterschool service at the earlier time of 11.50/12.00. The afterschool will close at 4pm on Wednesday, 21st December and will reopen on Thursday, 5th January 2023.*

## Clárúcháin Scoile / School Enrolments

**De réir Polasaí nua Iontrála na scoile, beimid ag glacadh le foirm iarratais do Rang Naíonain Bheaga 2023 suas go dtí 6ú Eanair 2023. Déan cinnte go bhfuil ainm do pháiste ar an liosta atá againn má tá páiste agat atá ag tosnú ar scoil i Meán Fómhair 2023. Cur glaoch ar an scoil muna bhfuil tú cinnte roimh 6ú Eanair. Beimid ag tabhairt amach na spásanna roimh /ar 27ú Eanair 2023.**

*In accordance with our Annual Admission notice,we will be accepting applications for our new Junior Infant classes 2023 up until 6th January 2023. If you have a child who is due to start school in September 2023, please ensure their names are on the applications list.*

*Places will be allocated in accordance with our new enrolment policy on or before 27th January 2023.*




## Fón Cliste / Smart Phones

**Ag meabhrú do thuismitheoirí bheith áirdeallach maidir leis an usáid a bhaineann páistí as an bhfón cliste nó guthán so-ghluaiste . Níl sé molta go mbeadh na páistí ar mheáin sóisialta mar Snapchat & rl . Níl siad an aois ceart fós dó agus d'fhéadfadh sé cur isteach ar shonas na bpáistí agus cúrsaí meabharshláinte dóibh . Tá gá maoirseoireacht a bheith a dhéanamh ar a gcuid usáid má bhíonn siad ag baint usáid as fón cliste . Aríst, bheadh muid ag moladh nach mbeadh fón ag na páistí go dtí go dtéann siad chuig an mheanscoil.**

*Reminding parents to be vigilant in supervising children's use of smart phones/ mobile phones. Children in Primary school are too young to be engaging in social platforms such as snapchat etc. Participation on these platforms may affect children's happines, friendships , mental health. We would be advising parents not to purchase a smart phone for children until they go to secondary school.*

## Cruinnithe Tuistí Múinteoirí Ranganna Naíonáin & Rang 1/*Parent Teacher Meetings for Infant and First Classes*

**Beidh cruinnithe Tuismitheoirí / Múinteoirí ar siúl i mí Feabhra do ranganna Naíonáin & Rang 1. Seolfar tuille eolais chugaibh tar éis na Nollag.**

*Parent Teacher meetings will be held for Junior Infant Classes, Senior Infant Classes & First Classes in February . We will send you all relevant information after Christmas.*

## Cóineartú/ *Confirmation*

**Beidh an cóineartú ar siúl do pháistí Rang 6 ar an 1ú Márta ag 3.i.n**

**Confirmation ceremony for 6th class pupils will take place on the 1st March at 3.p.m**



**<u>Snámh/*Swimming*</u>**

**Beidh Ranganna 5 ag glacadh páirt i ranganna snámh tar éis na Nollag ag tosnú ar 9ú & 10ú Eanair. Féach eolas a bhéas á sheoladh abhaile . Ní bheidh Kathleen ag seoladh an nasc don íocaíocht chugaibh go dtí go bhfilleann muid ar an scoil ar 5ú Eanair 2023.**

*Fifth class pupils will be participating in Swimming Classes after Christmas, starting on 9th & 10th January. Kathleen will send parents the link for payment on 5th January 2023.*



## <u>An Christmas Shoebox Appeal 2022</u>

I mbliana bhailíomar **505** bosca don charthanacht Team Hope. Is mór an méid é sin agus tá muid fíor bhuíoch dóibh siúd a thóg an t-am bosca a líonadh agus é a thabhairt isteach chugainn. Tá na boscaí anois ar an mbealach go dtí an Afraic agus go dtí oirthear na hEorpa agus le cúnamh Dé cuirfidh do bhosca áthas agus gliondar croí ar pháiste éigin an Nollaig seo. Go raibh míle maith agaibh! Buíochas mór freisin do pháistí(elves) Rang 5 Fergal a rinne obair na gcapall ag bailiú na boscaí ar fad. Nár laga Dia iad. Ár mbuíochas freisin do mhúinteoir Fergal as ucht a chuid oibre leis.

*This year we collected **505** shoeboxes for the Team Hope Christmas Shoebox Appeal. That is an unbelievable amount of boxes and we are extremely grateful to those who went to the time and effort to fill a shoebox and to bring it into us. The shoeboxes are currently en route to Africa and to Eastern Europe and please God your shoebox will bring a smile to some child's face this Christmas. Go raibh míle maith agaibh! And a special word of the thanks to the children(elves) of Rang 5 Fergal who did trojan work collecting all the boxes. We would like to thank muinteoir Fergal for organising it all.*





## *Dearadh nua ar Suíomh ghréasáin na Scoile/ New School Website Design :*

Is aoibhinn linn a chur in iúl dhaoibh go seoladh dearadh nua suíomh ghréasáin (gsmhicamhlaigh.ie) le deiriní. Tá súil againn go gcuirfidh sé feabhas breise ar ár gcóras cumarsáide le pobal na scoile. Tá sé i gceist againn roinnt leathanach a nuashonrú níos minicí e.g. Nuacht Is Deiriní / Latest News.

*We are very excited to inform you that we have recently launched a new website design (gsmhicamhlaigh.ie). We hope that it will further improve our communication system with our school community. We intend to update some pages more frequently e.g. Nuacht Is Deiriní / Latest news.*




### Nuacht Rang a 4

Bhí ceardlann Eolaíochta ar siúl ag Rang a 4 mar pháirt den Seachtain Eolaíochta bunaithe ar charranna féinrialaitheach. Bhí deis ag na páistí na ceamaraí atá in úsáid sna carranna seo a fheiceáil agus bhaineadar an-taitneamh as.

*Comhgháirdeas le Kate Ní Mhaoilís ó Rang 4 Áine a bhuaigh duais i gcomórtas ealaíne Comhar Creidmheasa an Chladaigh.*

*Congratulations to Kate Ní Mhaoilís, Rang 4 Áine who won a prize in the Claddagh Credit Union Art Competition .*

**Nuacht ó Rang 6 Gearóid & Karen**

Thosaigh an rang ag obair ar an gclár JEP agus bhi webinar againn an tseachtain seo caite. Tá muid ag súil go mór le smaointe iontacha a chur le chéile.
Rinneamar leictreamaghnéid sa rang i rith an tseachtain eolaíochta.
Tá muid ag baint an-sult as na ceachtanna Sínis agus an snámh gach seachtain.



**Geamaireacht na Nollag 7ú – 17ú Nollag / Christmas Pantomine 7th-17th Dec**: Comhghairdeas le Clíodhna Ní Bhróithe (Rang 6),Cormac Ó Cofaigh (Rang 6), Ciara Seoighe( Rang 5), Eimear Ní Fhaoileáin (Rang 4), Lil Nic Gearailt (Rang 4) agus Art Ó Bróithe (Rang 3) atá ag glacadh páirt i ngeamaireacht na Nollag sa Taibhdhearc, 'Fionn agus an Bradán Feasa ' - taithí iontach dóibh . Táimid an-bhródúil asaibh !

*Congratulations to Clíodhna Ní Bhróithe (Rang 6),Cormac Ó Cofaigh (Rang 6), Ciara Seoighe( Rang 5), Eimear Ní Fhaoileáin (Rang 4), Lil Nic Gearailt (Rang 4) agus Art Ó Bróithe (Rang 3) who are participating in the Christmas Pantomime in the Taibhdhearc ; ' Fionn agus an Bradán Feasa' . What a wonderful experience for them! We are very proud of their achievements.*

A Chairde,

Meabhrú go bhfuil an comhaontú a bhaineann le hÚinéireacht Fóin Chliste, na Meáin Shóisialta agus Comhráití Grúpa le líonadh agaibh muna bhfuil sé déanta cheanna le bhúr dtoil. Líon isteach é roimh **amárach** le bhur dtoil . Tá sé tábhachtach go mbeidh an méid is mó rannpháirtíocht agus is féidir chun cabhrú leis na páistí a choinneáil sábháilte ar líne. Tá leagan Gaeilge agus Béarla ar fáil .

An Leagan Gaeilge:
https://forms.gle/n8NuUfgc1moedivL7

*A reminder that the revised Smartphone Ownership and Access to Social Media & Group Chats Agreement should be submitted by **tomorrow, please.** It is important that as many families as possible sign the agreement to help keep the children safe online. There is a version in English and in Irish.*

*English version*
https://forms.gle/rQd8yC43BxjTmkrL8

Míle buíochas,

Grúpa Sábháilteacht ar Líne GMA
*GMA Internet Safety Committee Group*



## Ranganna Gaeilge / Irish Classes

Beidh ranganna Gaeilge ag tosnú do thuismitheoirí agus Pobal Chnoc na Cathrach i nÁras Mhic Amhlaigh ar shuíomh na scoile **ar an gCéadaoin 18ú Eanair 2023**.

Beidh rang do thosnaitheoirí ón 7.00-8.00 agus Rang Meanach ón 8.30-9.30. Leanfaidh na ranganna ar feadh 6 seachtaine. Má tá suim agat freastal ar na ranganna seol ríomhphost chuig scoilma.ias@gmail.com nó téacs chuig Aoife ag 086 0428661 roimh 19/12/22 . Is deis é seo duit tús a chur le foghlam na Gaeilge nó cur leis an Ghaeilge atá agat ar bhealach spraoiúil.

*Irish Classes for Parents and members of the public will commence in Áras Mhic Amhlaigh which is located on Gaelscoil Mhic Amhlaigh's site on* ***Wednesday 18th January 2023.***

*A Beginners Class will be held from 7.00 -8.00pm and an Intermediate Class will be from 8.30-9.30pm. Classes will continue for 6 weeks and people will have the option of continuing after 6 weeks if they wish to. If you are interested in attending the classes please email scoilma.ias@gmail.com or text/call Aoife on 086 0428661 before 19th December. This is your opportunity to start your journey with the Irish Language or to practice the Irish that you haven't used for a while.*



## Rásaí Tras Tíre-Craobh Chonnachta

Comhghháirdeas ó chroí leis na páistí ar fad a ghlac páirt I gCraobh Chonnachta Rás Tras Tíre roimh na Samhna.

- Anton Ó Conchuir
- Emmet Ó Cianáin
- Rose Nic Sheoin
- Cian Watson

Rinneadar go hiontach ar fad. D'eirigh le Anton an dara áit a bhaint amach agus d'eirigh le Emmet an 13ú áit a bhaint amach.Táimid an-bhródúil asaibh ar fad. Míle buíochas do mhúinteoir Aonghus as ucht a thacaíocht dóibh.

*Congratulations to all the children above who had a very successful day at the Connacht Cross Country finals held before the midterm. Anton came 2nd in his race and Emmett came 13th.The school is very proud of their achievements. Many Thanks to Múinteoir Aonghus for organising participation. Maith sibh ar fad!*

Lá na Seantuistí / Grandparents Day

**Beidh fáilte roimh seantuistí páistí Rang 1 teacht go dtí an scoil le linn seachtain na scoileanna Caitliceacha , 30ú Eanair-3ú Feabhra 2023.**

**Táimid ag tabhairt cuireadh do sheantuistí Rang 1 Siobhán teacht ar 31/01/23**
**Táimid ag tabhairt cuireadh do sheantuistí Rang 1 Fiona / Christina teacht ar 01/02/23**
**Táimid ag tabhairt cuireadh do sheantuistí Rang 1 Bríd teacht ar 02/02/23**
**Táimid ag tabhairt cuireadh do sheantuistí Rang 1 Michelle / Martina teacht ar 03/02/23**
**Tuigeann muid go bhfuil roinnt dár seantuismitheoirí ar shlí na fírinne agus go mbeidh siad linn I spiorad ar na laethanta speisialta seo . Beimid ag smaoineamh go speisialta orthu . Is féidir le aintín nó uncail teacht chuig an searmanas muna bhfuil seantuistí linn níos mó . Suaimhneas síoraí dóibh I gconaí .**

**Tá fáilte roimh na tuismitheoirí teacht leis na seantuistí más mian libh.**

*We will be celebrating Catholic School's Week during the week of 30th January-3rd February 2023.*
*As part of this week, we will be inviting Grandparent's of First Class Parents to the school.*
*We will be asking Grandparents of Rang 1 Siobhán to come on 31/01/23*
*We will be asking Grandparents of Rang 1 Fiona/ Christina to come on 01/02/23*
*We will be asking Grandparents of Rang 1 Bríd to come on 02/02/23*
*We will be asking Grandparents of Rang 1 Martina / Michelle to come on 03/02/23*
*We are cognisant that many of our Grandparents are living in their heavenly home and they will be with us in spirit on these special days. We will remember them fondly in our ceremonies. If any family would like to have an uncle or aunt or special person represent their Grandparents on these days, please invite them along.*
*Parents are welcome to come along with Grandparents or with other significant family members.*

## Aifreann Nollag/*Childrens Christmas Mass*

Beidh páistí ó **Ranganna 3, 4, 5, + 6** ag canadh sa chóir, ag seinnt uirlisí agus ag glacadh páirt ag Aifreann **5.30 i.n ar an Domhnach, 11ú Nollag** i Séipéal Chnoc na Cathrach. Cuirfear fáilte roimh ár n-iarscoláirí agus tuismitheoirí chun canadh linn chomh maith. Iarrann muid ar gach páiste culaith scoile agus hata Nollag a chaitheamh ag an aifreann. Iarrtar ar thuismitheoirí cinntiú más féidir ar chor a bith go mbeadh a bpáistí ag an Aifreann seo. **Bheadh muid an-bhuioch as ucht bhur dtacaíocht & co-oibriú. Fáilte roimh tuismitheoirí na scoile ar fad.**

*Children in **3rd, 4th , 5th , + 6th classes** will be singing, playing instrumental music and participating in the liturgy at the **5.30 p.m Mass on Sunday, 11th December in Knocknacarra Church**. We would love to see our past pupils and all parents joining us in the choir at this celebration. **Children are asked to wear their school uniforms and a Christmas hat.** We ask parents if at all possible that children attend this mass. **Many Thanks once again for your co-operation & support. All parents and children are welcome to attend.***

## Ceolchoirm na Naíonáin Mhóra/ *Senior Infant Performance*

**Beidh Ranganna na Naíonáin Mhóra ag cur taispeántas ar siúl dá gclainnte i halla na scoile ag na hamanta seo leanas:**

**Dé Céadaoin/Wednesday - 14/12/22 Naíonáin Mhóra Caitríona Seomra 7 @ 12.45**

**Déardaoin /Thursday 15/12/22 Naíonáin Mhóra Caitríona Bríd Seomra 5 @ 12.45**

**Dé hAoine /Friday 16/12/22 Naíonáin Mhóra Tara Seomra 6 @ 12.45**

*Senior Infant Children will be hosting a performance for their families in the school hall on at the above times.*



## Ceolchoirm Ranganna 1/ First Class Performance

**Beidh Ranganna 1 ag cur taispeántas ar siúl dá gclainnte I halla na scoile ag na hamanta seo leanas:**

**Dé Máirt /Tuesday : 13/12/22 Rang 1 Michelle & Martina @ 1.15**

**Dé Céadaoin /Wednesday :14/12/22 Rang 1 Fiona /Christina @ 11.15**

**Dé hAoine /Friday: 16/12/22 Rang 1 Siobhán @ 11.15**

**Dé hAoine /Friday: 16/12/22 Rang 1 Bríd @ 11.55**

*First Class Children will be hosting a performance for their families in the school hall at the above times.*



## Dráma Nollag Naíonáin Bheaga/*Junior Infants Christmas Play*

**Beidh dráma Nollag na Naíonán Bheaga ar siúl ar na laethanta thíos i halla na scoile *ag na hamanta seo leanas*. Fíor fáilte roimh na clainnte ar fad teacht ag an ócáid aoibhinn seo.**

*Our Junior Infant Classes will be presenting their Christmas play for their parents and relatives on the following days. Everyone is welcome.*

***Dé Céadaoin/Wednesday 14/12/2022 @ 9.00 ~ Naí Bheaga Olivia***

***Dé Ceadaoin/Wednesday 14/12/2022 @ 10.15 ~ Naí Bheaga Ann-Marie***

***Dé hAoine/Friday 16/12/22 @ 9.00 ~ Naí Bheaga Grace***

***Dé hAoine/Friday 16/12/22 @ 10.15 Naí Bheaga Ciara***

<u>**Ecolaoch**</u>

**Táimid fíorbhródúil as páistí na scoile: Líle Ní Fhoghlú, Daithí Ó Foghlú, Lucy Nic an Bháird, Jessica Spáinne, Jack Spáinne agus Olivia Ní Chonghaile a ghlac páirt sa chlár teilifíse Eco Laoch a craoladh ar TG4 i mí na Samhna. Bhí plé á dhéanamh acu ar an mbithéagsúlacht agus ar éiceachórais agus ar an tábhacht a bhaineann le cosaint a thabhairt don nádúr ach go háirithe inár gceantar áitiúil. Bhí smaointe iontacha acu agus léirigh siad bealaí éasca gur féidir le gach duine tacaíocht a thabhairt don bhithéagsúlacht atá mórthimpeall orainn. Táimid chomh mórtasach as an ngrúpa as ucht an Ghaeilge álainn a bhí le cloisteáil agus molaimid go hard na spéire iad. Is féidir leat breathnú ar an gclár trí Eco Laoch S1 E7 ar TG4 a churdaigh nó an nasc thíos:**

**https://www.tg4.ie/en/player/categories/childrens-tv-shows/play/?pid=6314939081112&title=Eco%20Laoch&series=Eco%20Laoch&genre=Cula4&pcode=639341**

*The school community is very proud of: Líle Ní Fhoghlú, Daithí Ó Foghlú, Lucy Nic an Bháird, Jessica Spáinne, Jack Spáinne agus Olivia Ní Chonghaile who took part in the television programme Eco Laoch that was broadcast on TG4 in November. The group discussed biodiversity and ecosystems and emphasised the importance of protecting nature in our locality. They had fantastic ideas and showed simple ways in which we can all help the biodiversity around us. We are delighted with the fantastic Irish that the children used and are proud of the great example they are setting. You can watch the show by searching Eco Laoch S1 E7 on TG4 or follow the link below*

https://www.tg4.ie/en/player/categories/childrens-tv-shows/play/?pid=6314939081112&title=Eco%20Laoch&series=Eco%20Laoch&genre=Cula4&pcode=639341



I rith Seachtain na hEolaíochta, bhí ceardlann ag Rang 6 le heolaithe ó NUIG ar líne. An teideal ar bhí ar an dtionscadal ná "DNA Dochreidte!" Bhí ar na daltaí an DNA a bhaint amach ó bhanana. Bhí an-spraoi acu agus d'fhoghlaim siad an t-uafás!

Táimid fíor bhuíoch do Ryan, an phríomheolaí a thug neart dá chuid ama dúinn agus a mhínigh an próiseas a úsáideann siad sna saotharlainn chun taighde a dhéanamh ar DNA chun teacht ar réiteach do ghalar cosúil le ailse srl. Tá an-spéis ag go leor don rang anois in obair na saotharlainne agus obair an eolaithe!









**Liathróid Láimhe:**

Bhí an-lá ag na foirne Faoi 13 cailíní agus buachaillí a d'imir sa gcomórtas áitiúil le dearnaí i gCappagh. D'imir siad tharr cionn ar fad. Cé nár éirigh leis na cailíní dul thríd rinne siad an iarracht ar fad. Bhí mí-adh ceart ar na buachaillí sa gcluiche leath cheannais in aghaidh Clarinbridge. Tar éis don cluiche críochnú ar chó- scór bualadh iad ar chúl órga.

*The boys and girls U-13 handball teams played in the local competition recently held in Cappagh. Both teams played brilliantly and deserve huge credit for their efforts. Even though the girls didn't qualify from their group they represented the school admirably. The boy's team were very unfortunate and lost their semi- final on a golden goal. Well done to all.*

**Traenáil théis na Scoile Liathróid Láimhe:**

**Peil Gaelach**- ag críochnú do Rang 4 ar an 14ú Nollaig. Rang 5 ag tosnú 11ú Eanáir

***Football****- Rang 4 finishing on the 14th December. Rang 5 beginning on the 11th January*

**Liathróid Láimhe**- ag críochnú do Rang 6 ar an 14ú Nollaig. Rang 4 ag tosnú 11ú Eanáir

***Handball****- Rang 6 finishing on the 14th December. Rang 4 beginning on the 11th January.*

**Iománaíocht/Comógaíocht/Hurling /Comogie**

Traenáil ag leanacht ar aghaidh gach Dé Luain do pháistí Rang 4,5 & 6 . Traenáil ag críochnú suas don Nollag ar 12ú Nollag agus ag tosnú arais ar 9ú Eanair.

*Training will continue on Mondays after school for children in 4th ,5th & 6th classes. Last training session before Christmas will be on Monday 12th December. Training will resume on Monday ,9th January.*

**Dátaí Tábhachta / Important Dates:**




<u>11ú Nollaig:</u> Aifreann scoile na Nollag i Séipéal Chnoc na Cathrach ag 5:30 i.n

<u>13ú Nollaig:</u> Ceolchoirm R1 Martina / Michelle ag 1:15 – sa halla

<u>14ú Nollaig:</u> Drama Naí Bheaga Olivia ag a 9r.n – sa halla

Dráma Naí Bheaga Ann-Marie ag 10:15 r.n – sa halla

Ceolchoirm R1 Fiona / Christina ag 11:15 r.n – sa halla

Ceolchoirm Naí Mhóra Caitríona – Seomra 7 ag 12:45 i.n – sa halla

<u>15ú Nollaig:</u> Ceolchoirm Naí. Mhóra Caitríona Bríd – Seomra 5 ag 12:45 i.n – sa halla

<u>16ú Nollaig:</u> Dráma Naí Bheaga Grace ag 9 r.n – sa halla

Drama Naí Bheaga Ciara ag 10:15r.n – sa halla

Ceolchoirm R1 Siobhán ag 11:15r.n – sa halla

Ceolchoirm R1 Bríd ag 11:55 r.n – sa halla

Ceolchoirm Naí Mhóra Tara ag 12:45 r.n – sa halla

<u>19ú Nollaig:</u> Cuairteoir speisialta ag teacht ar chuairt / *A Special visitor will be visiting the school*

Lá na ngeansaí Nollag / *Christmas Jumper Day for Charity*

<u>20ú Nollaig:</u> Dhá rud milís sa bhosca lón / Two treats in the lunch box

Éadaí Nollag / *Christmas themed clothes*

<u>21ú Nollaig:</u> Eadaí Nollag / *Christmas themed Clothes*

Páistí ag dul abhaile ag 11:50 & 12:00 / *Children going home early at 11:50 & 12:00*

**Ag guí Nollaig mhór mhaith ar chuile dhuine agaibh agus athbhliain lán le dóchas do bhliain nua mhaith.**

*Wishing you all a very happy and peaceful Christmas and a new year filled with hope for a bright new year ahead.*

**Beannachtaí na Féile oraibh ar fad ,**

***Dairíona***

